TUAIRIM AN ABHCÓIDE GHINEARÁLTA
COLLINS
arna tabhairt an 4 Deireadh Fómhair 2024[1]

Cás C-583/23 [Delda][i]

AK
V
Ministère public

(Iarraidh ar réamhrialú ón Cour de cassation (an Chúirt Achomhairc, an Fhrainc))

(Tarchur chun réamhrialú – Comhar breithiúnach in ábhair choiriúla – Treoir 2014/41/AE – Ordú Imscrúdaithe Eorpach in ábhair choiriúla – Raon feidhme ábhartha – An coincheap 'beart imscrúdaitheach' – Ordú díotála a sheirbheáil lena n-áirítear freisin ordú coinneála réamhthrialach agus ordú chun bannaí a phostáil – Éisteacht an chúisí)

Réamhrá

1. Baineann an iarraidh ar réamhrialú seo ón Cour de cassation (an Chúirt Achomhairc, an Fhrainc), le léiriú ar Airteagail 1 agus 3 de Threoir 2014/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach in ábhair choiriúla.[2] Rinneadh an iarraidh in achomharc ar phointe dlí arna thionscnamh ag náisiúnach de chuid na Spáinne, a coinníodh sa Fhrainc, i gcoinne bhreithiúnais ó sheomra imscrúdaithe an cour d'appel de Paris (an Chúirt Achomhairc, Páras, an Fhrainc) lenar diúltaíodh dá hiarratas ar mhiontuairiscí a héisteachta a rinne breitheamh imscrúdaithe de chuid na Fraince a chur ar neamhní de bhun Ordaithe Imscrúdaithe Eorpaigh arna eisiúint ag údaráis bhreithiúnacha na Spáinne.

2. Cuirfidh an cás sin ar chumas na Cúirte Breithiúnais raon feidhme ábhartha Ordaithe Imscrúdaithe Eorpaigh agus, go sonrach, raon feidhme an choincheapa 'bearta imscrúdaitheacha', de réir bhrí na bhforálacha thuasluaite de Threoir 2014/41, a bhféadfaí a bhforfheidhmiú a lorg i gcomhthéacs chinnidh den sórt sin, a shoiléiriú.

[1] Bunteanga: an Fhraincis.

[i] Is ainm bréige é ainm an cháis seo. Ní fhreagraíonn sé d'fhíorainm aon cheann de na páirtithe sna himeachtaí.

[2] IO 2014 L 130, lch. 1.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

An Coinbhinsiún um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh

3. Leagtar síos in Airteagal 5 den Choinbhinsiún um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh [3] ('Coinbhinsiún an 29 Bealtaine 2000'), dar teideal 'Doiciméid nós imeachta a sheoladh agus a sheirbheáil':

'1. Déanfaidh gach Ballstát doiciméid nós imeachta atá ceaptha le haghaidh daoine atá ar chríoch Ballstáit eile a sheoladh go díreach tríd an bpost chucu.

2. Ní fhéadfar doiciméid nós imeachta a sheoladh trí na húdaráis inniúla sa Bhallstát iarrtha ach amháin más rud é:

(a) nach eol seoladh an duine a bhfuil an doiciméad ceaptha lena aghaidh nó go bhfuil amhras faoin seoladh; nó

(b) go n-éilíonn an dlí ábhartha nós imeachta sa Bhallstát iarrthach cruthúnas gur seirbheáladh an doiciméad ar an seolaí seachas an cruthúnas is féidir a fháil tríd an bpost; nó

(c) nárbh fhéidir an doiciméad a sheirbheáil tríd an bpost; nó

(d) go bhfuil cúiseanna réasúnaithe ag an mBallstát iarrthach lena mheas go mbeidh an seoladh tríd an bpost neamhéifeachtach nó neamhiomchuí.

3. Nuair atá cúis ann lena chreidiúint nach dtuigeann an seolaí an teanga ina bhfuil an doiciméad tarraingthe suas, ní foláir an doiciméad, nó ar a laghad na sleachta tábhachtacha de, a aistriú go teanga nó go ceann de theangacha an Bhallstáit ar ar a chríoch atá an seolaí ag fanacht. Más eol don údarás a d'eisigh an doiciméad nós imeachta nach dtuigeann an seolaí ach teanga éigin eile, ní foláir an doiciméad, nó ar a laghad na sleachta tábhachtacha de, a aistriú go dtí an teanga eile sin.

4. Beidh ag gabháil le gach doiciméad nós imeachta tuarascáil a shonraíonn go bhféadfaidh an seolaí faisnéis a fháil ón údarás trínár eisíodh an doiciméad nó ó údaráis eile sa Bhallstát sin i dtaca lena chearta agus lena oibleagáidí a bhaineann leis an doiciméad. Beidh mír 3 infheidhme freisin ar an tuarascáil sin.

[…]'

[3] Gníomh ón gComhairle an 29 Bealtaine 2000 ag bunú, i gcomhréir le hAirteagal 34 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, an Coinbhinsiún um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh (IO 2000 C 197, lch. 1).

Treoir 2014/41

4. Luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 1 de Threoir 2014/41, faoin teideal 'An tOrdú Imscrúdaithe Eorpach agus oibleagáid é a fhorghníomhú':

'Is cinneadh breithiúnach é an tOrdú Imscrúdaithe Eorpach a d'eisigh nó a bhailíochtaigh údarás breithiúnach Ballstáit ("an Stát eisiúna") chun beart imscrúdaitheach sonrach amháin nó níos mó a dhéanamh i mBallstát eile ("an Stát forghníomhaitheach") d'fhonn fianaise a fháil i gcomhréir leis an Treoir seo.

Féadfar an tOrdú Imscrúdaithe Eorpach a eisiúint freisin chun fianaise a fháil atá i seilbh údaráis inniúla an Stáit fhorghníomhaithigh cheana féin.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5. Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht in Airteagal 3 den Treoir sin, dar teideal 'Raon feidhme an Ordaithe Imscrúdaithe Eorpaigh':

'Cumhdófar leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach aon bheart imscrúdaitheach, cé is moite d'fhoireann chomhpháirteach um imscrúdú a chruthú agus fianaise a ghlacadh i gcomhthéacs na foirne sin dá bhforáiltear in Airteagal 13 de Choinbhinsiún (an 29 Bealtaine 2000) agus i gCinneadh Réime 2002/465/JAI ón gComhairle (an 13 Meitheamh 2002 maidir le foirne comhpháirteacha um imscrúdú (IO 2002 L 162, lch. 1)), ach amháin chun críocha Airteagal 13(8) den Choinbhinsiún [sin] agus Airteagal 1(8) den Chinneadh Réime sin faoi seach a chur i bhfeidhm.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6. Foráiltear le hAirteagal 9(1) agus (2) den Treoir sin, dar teideal 'Aitheantas agus forfheidhmiú':

'1. Aithneoidh an t-údarás forghníomhaitheach an tOrdú Imscrúdaithe Eorpach, arna tharchur i gcomhréir leis an Treoir seo, gan aon fhoirmiúlacht bhreise a bheith ag teastáil, agus áiritheoidh sé a fhorghníomhú ar an mbealach céanna agus faoi na modúlachtaí céanna amhail is dá mba údarás de chuid an Stáit fhorghníomhaithigh a d'ordaigh an beart imscrúdaitheach lena mbaineann, mura rud é go gcinneann an t-údarás ceann de na forais do neamhaithint nó do neamhfhorghníomhú nó ceann de na forais le haghaidh cur siar dá bhforáiltear sa Treoir seo a agairt.

2. Comhlíonfaidh an t-údarás forghníomhaitheach na foirmiúlachtaí agus na nósanna imeachta arna gcur in iúl go sainráite ag an údarás eisiúna mura bhforáiltear a mhalairt sa Treoir seo agus ar choinníoll nach bhfuil na foirmiúlachtaí agus na nósanna imeachta sin contrártha do phrionsabail bhunúsacha dhlí an Stáit fhorghníomhaithigh.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7. Foráiltear le hAirteagal 10 den Treoir chéanna, dar teideal ‘Úsáid birt imscrúdaithigh de chineál eile’:

‘1. Rachaidh an t-údarás forghníomhaithe, nuair is féidir, ar iontaoibh birt imscrúdaithigh seachas an beart dá bhforáiltear san Ordú Imscrúdaithe Eorpach sna cásanna seo a leanas:

(a) nach ann don bheart imscrúdaitheach a luaitear san Ordú Imscrúdaithe Eorpach faoi dhlí an Stáit fhorghníomhaithigh; nó

(b) ní bheadh an beart imscrúdaitheach a luaitear san Ordú Imscrúdaithe Eorpach ar fáil i gcás nós imeachta náisiúnta comhchosúil.

2. Gan dochar d’Airteagal 11, níl mír 1 infheidhme ar na bearta imscrúdaitheacha a leanas, nach mór dóibh a bheith ar fáil i gcónaí faoi dhlí an Stáit fhorghníomhaithigh:

[…]

(c) finné, saineolaí, íospartach, duine atá faoi amhras nó atá cúisithe nó tríú páirtí ar chríoch an Stáit fhorghníomhaithigh a éisteacht;

[…]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

8. Foráiltear le hAirteagal 24(1) de Threoir 2014/41, dar teideal ‘Éisteacht trí fhíschomhdháil nó trí mhodhanna eile tarchuir closamhairc’:

‘I gcás ina bhfuil údaráis inniúla an Stáit eisiúna le héisteacht mar fhinné nó mar shaineolaí le duine atá i láthair ar chríoch an Stáit fhorghníomhaithigh, féadfaidh an t-údarás eisiúna Ordú Imscrúdaithe Eorpach a eisiúint chun an finné nó an saineolaí a éisteacht trí fhíschomhdháil nó trí tharchur closamhairc eile i gcomhréir le míreanna 5 go 7.

Féadfaidh an t-údarás eisiúna Ordú Imscrúdaithe Eorpach a eisiúint freisin chun duine atá faoi amhras nó atá cúisithe a éisteacht trí fhíschomhdháil nó trí tharchur closamhairc eile.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

9. Foráiltear le hAirteagal 34(1) den Threoir sin, dar teideal ‘Caidrimh le hionstraimí dlí, coinbhinsiúin agus comhaontuithe eile’:

‘Gan dochar dá gcur i bhfeidhm idir Ballstáit agus tríú Stáit ná dá gcur i bhfeidhm de bhun Airteagal 35, cuirtear an Treoir seo in ionad, ón 22 Bealtaine 2017 amach, na bhforálacha a bhaineann leis na coinbhinsiúin a leanas, atá infheidhme idir na Ballstáit atá ceangailte leis an Treoir seo:

[…]

(c) Coinbhinsiún [an 29 Bealtaine 2000] agus an Prótacal a ghabhann leis.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí na Fraince

10. Foráiltear le hAirteagal 694-16 den code de procédure pénale (an Chód um Nós Imeachta Coiriúil, an Fhrainc; 'an Chód um Nós Imeachta Coiriúil)[4]:

'Is éard is Ordú Imscrúdaithe Eorpach ann ordú breithiúnach arna eisiúint ag Ballstát, ar a dtugtar an Stát eisiúna, lena n-iarrtar ar Bhallstát eile, ar a dtugtar an Stát forghníomhaitheach, agus úsáid á baint as foirmeacha is coiteann do na Stáit uile, imscrúduithe a dhéanamh laistigh de thréimhse áirithe ama ar a chríoch arb é is aidhm dóibh fianaise a fháil maidir le cion coiriúil nó fianaise atá ina sheilbh cheana a sholáthar.

D'fhéadfadh sé gurb é cuspóir an ordaithe imscrúdaithe freisin cosc sealadach a chur ar aon oibríocht ar chríoch an Stáit fhorghníomhaithigh lena mbaineann díothú, claochlú, gluaiseacht, aistriú nó diúscairt ábhair a d'fhéadfaí a úsáid mar fhianaise.

Féadfaidh baint a bheith aige freisin le duine atá faoi choimeád sa Stát forghníomhaitheach a aistriú go sealadach chuig an Stát eisiúna, chun go bhféadfar doiciméid nós imeachta a sheachadadh sa Stát eisiúna lena gceanglaítear an duine sin a bheith i láthair, nó duine atá faoi choinneáil sa Stát eisiúna a aistriú go sealadach sa Stát forghníomhaitheach chun páirt a ghlacadh sna himscrúduithe arna n-iarraidh sa chríoch sin.

D'fhéadfadh baint a bheith ag an bhfianaise dá dtagraítear sa chéad dá fhomhír freisin le sárú ag duine ar na hoibleagáidí a eascraíonn as ciontú coiriúil, fiú mura cion é an sárú sin.'

Na fíorais is cúis leis an díospóid sna príomhimeachtaí, an cheist a tarchuireadh agus an nós imeachta os comhair na Cúirte Breithiúnais

11. An 1 Márta 2021, d'eisigh na húdaráis bhreithiúnacha de chuid na Spáinne Ordú Imscrúdaithe Eorpach ('an tOrdú Imscrúdaithe Eorpach faoi chonspóid') chuig údaráis na Fraince a lorg AK, a coimeádadh sa Fhrainc faoi fhorghníomhú pianbhreithe, a sheirbheáil le hordú díotála a thug Juzgado Central Instrucción nº 4 de la Audiencia Nacional (Cúirt Lárnach Imscrúdaitheach Uimh. 4, an Ard-Chúirt Náisiúnta, an Spáinn) an 30 Meán Fómhair 2009.[5] Áirítear freisin san ordú díotála a sheirbheáil ordú coinneála réamhthrialach agus ordú chun bannaí a phostáil. Leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach atá faoi chonspóid, d'iarr údaráis bhreithiúnacha na Spáinne freisin go bhféadfadh AK, i láthair a habhcóide, 'a léiriú cad atá *de jure* faoi na fíorais lena mbaineann'.

12. An 19 Iúil 2021, thug breitheamh imscrúdaithe ag an tribunal judiciaire de Paris (an Chúirt Bhreithiúnais, Páras, an Fhrainc) fógra do AK, i láthair a dlíodóra, faoin ordú díotála sin, sheol sé cóip sa Spáinnis chuici agus chuig a dlíodóir agus bhailigh sé a ráitis.[6]

[4] Sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur gur trasuíodh Treoir 2014/41 i ndlí na Fraince le hAirteagail 694-15 *et seq*. den Chód um Nós Imeachta Coiriúil.

[5] Cúisíodh AK as cionta sceimhlitheoireachta.

[6] Is léir ó mhiontuairiscí an 19 Iúil 2021, a sheol an chúirt a rinne an tarchur tar éis iarraidh ar fhaisnéis ón gCúirt Bhreithiúnais, go ndearna AK na ráitis seo a leanas maidir leis na fíorais a luaitear san ordú díotála: 'Séanaim gach líomhain. Tá na líomhaintí seo bunaithe ar ráitis a cuireadh iallach orm a dhéanamh faoi chéasadh 20 bliain ó shin. Tá sé sin á rá agam le blianta agus dúirt mé arís i gcomhthéacs an nós imeachta barántais ghabhála Eorpaigh. Cuireadh fianaise i láthair fiú agus dhiúltaigh Cúirt Achomhairc Pháras an barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú. Ní thuigim gur féidir leat ordú díotála a chur in iúl dom i gcás inar dhiúltaigh cúirteanna na Fraince barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú.'

13. An lá dár gcionn, thaisc AK iarratas chun an éisteacht sin a neamhniú os comhair an dlísheomra imscrúdaithe den cour d'appel de Paris (an Chúirt Achomhairc, Páras), ag áitiú, go bunúsach, nach bhféadfaí seirbheáil ordaithe díotála, lena n-áirítear, ina theannta sin, ordú coinneála sealadach agus ordú chun bannaí a phostáil, a lorg i gcomhthéacs an Ordaithe Imscrúdaithe Eorpaigh.

14. Le breithiúnas an 20 Aibreán 2022, dhiúltaigh dlísheomra imscrúdaithe an cour d'appel de Paris (an Chúirt Achomhairc, Páras) don chaingean sin. Chinn sé, *inter alia*, gur iarr údaráis bhreithiúnacha na Spáinne ní hamháin go ndéanfaí an t-ordú díotála a sheirbheáil ar AK, ach freisin go mbeadh AK in ann 'an méid atá *de jure* a chur in iúl maidir leis na fíorais lena mbaineann'. Thug sé dá aire freisin, ar an gcéad dul síos, gur luadh, san Ordú Imscrúdaithe Eorpach faoi chonspóid, go raibh na gníomhartha a iarradh 'cuid den fhíorú ar dhéanamh na bhfíoras leis na himthosca go léir a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá aicmiú agus do chiontacht na gciontóirí' agus, ar an dara dul síos, cé nár chuir na húdaráis sin tic sa bhosca 'duine atá faoi amhras nó atá cúisithe a éisteacht' san fhoirm ábhartha, gur iarr siad go soiléir ar bhreitheamh imscrúdaithe na Fraince ráitis AK a bhailiú trí bhíthin miontuairiscí maidir leis na fíorais a raibh amhras ina leith go ndearna sí iad. Tháinig dlísheomra imscrúdaithe an cour d'appel de Paris (an Chúirt Achomhairc, Páras) ar an gconclúid, trína iarraidh ar AK a sheasamh maidir leis na fíorais a shonrú, i láthair a habhcóide agus i gcomhréir le cearta na cosanta, gur iarr na húdaráis sin go ndéanfaí 'imscrúduithe d'fhonn fianaise a fháil maidir le cion coiriúil' de réir bhrí Airteagal 694-16 den Chód um Nós Imeachta Coiriúil.

15. Rinne AK achomharc ar phointe dlí i gcoinne an bhreithiúnais sin os comhair na cúirte a rinne an tarchur.

16. Tugann an chúirt a rinne an tarchur dá haire go n-áitíonn AK, le breithiúnas an 20 Aibreán 2022, gur sháraigh dlísheomra imscrúdaithe an cour d'appel de Paris (an Chúirt Achomhairc, Páras) Airteagal 1 de Threoir 2014/41 agus Airteagal 694-16 den Chód um Nós Imeachta Coiriúil. De réir AK, ní féidir gurb é an cuspóir atá le hOrdú Imscrúdaithe Eorpacha eisiúint ná 'na cúisimh arna ndéanamh a chur in iúl agus fógra a thabhairt faoin tarchur chuig cúirt trialach', ós rud é go gcumhdaítear na bearta sin le hionstraimí eile comhair bhreithiúnaigh agus, go háirithe, le hAirteagal 696-44 den Chód um Nós Imeachta Coiriúil.[7]

17. Ar an taobh eile, measann an tAbhcóide Ginearálta sa chúirt a rinne an tarchur, ós rud é go bhfuil 'bearta imscrúdaitheach a bhaineann go doscartha le fógra a thabhairt faoi ordú díotála [AK] agus le bailiú a barúlacha ag breitheamh i láthair dlíodóra chun cearta na cosanta a urramú' san Ordú Imscrúdaithe Eorpach faoi chonspóid, go bhfuil sé beartaithe imscrúduithe a dhéanamh arb é is aidhm dóibh fianaise a fháil maidir le cion coiriúil.

18. Deir an chúirt a rinne an tarchur nár rialaigh an Chúirt Bhreithiúnais go fóill maidir le raon feidhme ábhartha an Ordú Imscrúdaithe Eorpach agus, go sonrach, maidir le cé acu atá nó nach bhfuil fógra ar dhíotáil san áireamh ann, lena n-áirítear, ina theannta sin, ordú príosúnachta agus ordú chun bannaí a phostáil. Luaitear ann nach cosúil go bhféadfaí a mheas go bhfuil cur i bhfeidhm ceart dhlí an Aontais chomh soiléir sin nach bhfágann sé aon scóip d'aon amhras

[7] Is mar a leanas atá an fhoclaíocht san Airteagal sin: 'I gcás imeachtaí coiriúla arna dtionscnamh thar lear, má mheasann rialtas eachtrach gur gá fógra faoi dhoiciméad nós imeachta nó faoi bhreithiúnas a thabhairt do dhuine aonair a bhfuil cónaí air ar chríoch na Fraince, déanfar an doiciméad a tharchur i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha síos in Airteagail 696-8 agus 696-9, agus, i gcás inarb iomchuí, beidh aistriúchán [i dteanga na] Fraincise ag gabháil leis. Déanfar an tseirbhís go pearsanta, ar iarraidh Na Seirbhíse Ionchúisimh. Cuirfear bunchóip an fhógra ar ais ar an mbealach céanna chuig an rialtas iarrthach.'

réasúnach. Sna himthosca sin, chinn an Cour de cassation (an Chúirt Achomhairc, an Fhrainc) bac a chur ar na himeachtaí agus an cheist seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

'An gcaithfear Airteagail 1 agus 3 de Threoir 2014/41 a léiriú mar Airteagail a chiallaíonn go [gceadaítear d'údaráis bhreithiúnach] Ballstáit cinneadh chun Ordú Imscrúdaithe Eorpach a eisiúint nó a bhailíochtú atá dírithe, ar thaobh amháin, ar an bhfógra don duine i dtrácht ordú díotáil, lena n-áirítear ina theannta sin ordú príosúnachta agus postáil bannaí, ar an taobh eile, chuig a éisteacht ionas gur féidir leis, i láthair a [dlíodóra], aon tuairimí úsáideacha a thabhairt ar na fíorais atá leagtha amach sa ordú?'

19. Chuir AK, Rialtais na Fraince agus na hÍsiltíre agus an Coimisiún Eorpach barúlacha i scríbhinn isteach.

20. Mar fhreagra ar iarraidh ar fhaisnéis ón gCúirt Bhreithiúnais, shonraigh an chúirt a rinne an tarchur gur tugadh AK suas d'údaráis bhreithiúnacha na Spáinne an 9 Meán Fómhair 2022, i bhforghníomhú trí bhreithiúnas arna dtabhairt ag dlísheomra imscrúdaithe an cour d'appel de Paris (an Chúirt Achomhairc, Páras). [8] Luaigh sí freisin gur seoladh miontuairiscí éisteacht AK an 19 Iúil 2021 chuig na húdaráis sin.

Anailís

21. Is í an cheist a thagann chun cinn sa chás seo an bhféadfaidh údaráis bhreithiúnacha Ballstáit, trí Ordú Imscrúdaithe Eorpach a úsáid, a iarraidh ar údaráis Bhallstáit eile, ar thaobh amháin, díotáil a chur in iúl don duine lena mbaineann lena n-áirítear freisin ordú coinneála sealadach agus ordú chun bannaí a phostáil agus, ar an taobh eile, an duine sin a éisteacht chun a chumasú dó, i láthair a dhlíodóra, aon bharúlacha a mheasann sé a bheith úsáideach maidir leis na fíorais a leagtar amach san ordú sin a thabhairt. Chun an cheist sin a fhreagairt, is gá, ar an gcéad dul síos, raon feidhme ábhartha Ordú Imscrúdaithe Eorpach a chinneadh agus, ar an dara dul síos, a fháil amach an bhféadfadh na bearta dá dtagraítear sa Tuairim seo a leanas teacht faoin raon feidhme sin.

Raon feidhme ábhartha an Ordaithe Imscrúdaithe Eorpaigh

22. Sainmhínítear 'Ordú Imscrúdaithe Eorpach' in Airteagal 1(1) de Threoir 2014/41 mar chinneadh breithiúnach arna eisiúint nó arna bhailíochtú ag údarás breithiúnach Ballstáit chun 'bearta imscrúdaitheacha' sonrach amháin nó níos mó a chur i gcrích i mBallstát eile 'd'fhonn fianaise a fháil', i gcomhréir leis an Treoir sin, lena n-áirítear fianaise atá i seilbh údaráis inniúla an Bhallstáit sin cheana féin. [Aistriúchán neamhoifigiúil]

23. Foráiltear le hAirteagal 3 de Threoir 2014/41, a bhaineann le raon feidhme an Ordaithe Imscrúdaithe Eorpaigh, i dtéarmaí ginearálta, go gcumhdóidh Ordú Imscrúdaithe Eorpach 'aon bheart imscrúdaitheach'. Ní eisiatar go sainráite ón raon feidhme sin ach foireann

[8] Is é sin le rá, dhá bhreithiúnas a tugadh an 26 Meán Fómhair 2018 agus breithiúnas amháin a tugadh an 9 Deireadh Fómhair 2019.

chomhpháirteach imscrúdaithe a chruthú agus fianaise a ghlacadh i gcomhthéacs foirne den sórt sin, ós rud é go bhfuil na bearta sin faoi réir rialacha sonracha in Airteagal 13 de Choinbhinsiún an 29 Bealtaine 2000 agus i gCinneadh Réime 2002/465. [9]

24. Dá bhrí sin, mar is léir ó aithris 8 de Threoir 2014/41, bheartaigh reachtóir an Aontais 'raon feidhme cothrománach' a bheith ag Ordú Imscrúdaithe Eorpach agus tá feidhm aige maidir le 'gach bearta imscrúdaitheacha arb é is aidhm dó fianaise a bhailiú'. [Aistriúchán neamhoifigiúil]

25. Níl sainmhíniú ar choincheap an 'bhirt imscrúdaithigh' i dTreoir 2014/41 ná ní dhéantar foráil inti maidir le liosta de na bearta a bhféadfaí a bhforghníomhú a lorg tríd an Ordú Imscrúdaithe Eorpach. Is fíor go dtagraítear in Airteagal 10(2) agus in Airteagail 24 go 31 de do shraith beart imscrúdaitheach. Mar sin féin, níl aon rud le tabhairt le fios gurb ionann na tagairtí sin agus liosta uileghabhálach de na bearta imscrúdaitheacha a d'fhéadfadh a bheith ina n-ábhar do chinneadh den sórt sin. Leagtar amach sa chéad cheann de na forálacha sin na bearta imscrúdaitheacha nach mór, i bprionsabal, a bheith ar fáil i gcónaí faoi dhlí an Stáit fhorghníomhaithigh. [10] Le hAirteagail 24 go 31 de Threoir 2014/41, leagtar síos forálacha sonracha maidir le bearta imscrúdaitheacha áirithe, lena n-áirítear gnéithe sonracha lena gcur chun feidhme, go háirithe maidir leis na forais le diúltú. [11]

26. Tugaim faoi deara freisin gur ionstraim é Ordú Imscrúdaithe Eorpach atá bunaithe ar phrionsabail na muiníne frithpháirtí agus an aitheantais fhrithpháirtigh, [12] lena gcuirtear ar chumas an údaráis eisiúna, i bprionsabal, na bearta imscrúdaitheacha a fháil a mheasann sé is gá a fhorghníomhú ar chríoch Ballstáit seachas a chríoch féin. Bunaítear an córas arna chur i bhfeidhm le Treoir 2014/41 go háirithe ar an smaoineamh gurb é an t-údarás sin an ceann is fearr le cinneadh, i bhfianaise a eolas faoi na heilimintí den imscrúdú lena mbaineann, na bearta imscrúdaitheacha ar gá dóibh dul ar iontaoibh, faoi réir na féidearthachta, áfach, go mbaineann an t-údarás forghníomhaitheach úsáid as cineál birt imscrúdaithigh eile i gcás nach bhfuil an beart arna chur in iúl san Ordú Imscrúdaithe Eorpach ann ina dhlí náisiúnta ná nach bheadh sé ar fáil i gcomhthéacs nós imeachta náisiúnta comhchosúil. [13]

27. I bhfianaise an mhéid a thagann roimhe, aontaím le dearcadh Rialtas na Fraince ar dá réir is ionstraim é Ordú Imscrúdaithe Eorpach a bhfuil raon feidhme an-leathan aige, mar go gcumhdaítear leis an gcoincheap 'bearta imscrúdaitheacha' 'raon mór gníomhartha'. Is amhlaidh fós, mar a éilíonn na páirtithe uile sna himeachtaí seo os comhair na Cúirte Breithiúnais, lena n-áirítear Rialtas na Fraince, gurb é an t-aon chuspóir amháin atá le bearta imscrúdaitheacha dá

[9] Féach freisin aithris 9 de Threoir 2014/41, ina luaitear 'nár cheart feidhm a bheith ag an treoir sin maidir le faireachas trasteorann dá dtagraítear sa Choinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme [...]' [Aistriúchán neamhoifigiúil].

[10] Áirítear leis sin faisnéis nó fianaise atá i seilbh an údaráis fhorghníomhaithigh cheana féin a fháil, faisnéis a fháil ó bhunachair sonraí atá i seilbh na bpóilíní nó na n-údarás breithiúnach, éisteacht le finné, saineolaí, íospartach, duine atá faoi amhras, duine cúisithe nó tríú páirtí ar chríoch an Stáit fhorghníomhaithigh, aon bhearta imscrúdaitheacha neamh-chomhéigneacha mar a shainmhínítear i ndlí an Stáit fhorghníomhaithigh, agus rannpháirtithe a shainaithint ag a bhfuil uimhir theileafóin shonrach nó daoine ag a bhfuil seoladh IP sonrach.

[11] Áirítear leis sin finné, saineolaí, duine atá faoi amhras nó duine atá cúisithe a éisteacht trí fhíschomhdháil nó trí tharchur closamhairc eile, finné nó saineolaí a éisteacht trí theileachomhdháil, faisnéis bhainc nó airgeadais a fháil, bearta imscrúdaitheacha a bhaineann le fianaise a ghlacadh i bhfíor-am, go leanúnach agus thar thréimhse shonraithe, amhail faireachán a dhéanamh ar idirbhearta baincéireachta nó airgeadais i gcuntas sonrach amháin nó níos mó nó i seachadtaí rialaithe i gcríoch an fhorghníomhaithe, imscrúduithe ceilte a dhéanamh agus teileachumarsáid a idircheapadh.

[12] Maidir le hAirteagal 1(2) de Threoir 2014/41 Féach freisin breithiúnas an 8 Nollaig 2020, *Staatsanwaltschaft Wien (Orduithe aistirthe falsaithe)* (C-584/19, EU:C:2020:1002, mír 64).

[13] Airteagal 10(1) agus aithris 10 de Threoir 2014/41. Faoi Airteagal 10(3) den Treoir sin, féadfaidh an t-údarás forghníomhaitheach dul ar iontaoibh beart imscrúdaitheach seachas an beart a luaitear san Ordú Imscrúdaithe Eorpach má bhaineann sé an toradh céanna amach trí mhodhanna nach bhfuil chomh chunórach céanna.

bhforáiltear ag Ordú Imscrúdaithe Eorpach a dhéanamh ná fianaise a fháil[14] agus, má chomhlíontar na coinníollacha is gá chun na críche sin, an fhianaise sin a tharchur chuig an údarás eisiúna.[15]

28. Tacaíonn roinnt eilimintí de Threoir 2014/41 leis an measúnú sin. Dá bhrí sin, leagtar béim sa sainmhíniú féin ar an gcoincheap 'Ordú Imscrúdaithe Eorpach' in Airteagal 1(1) de gurb é an cuspóir atá á shaothrú cur ar chumas an Bhallstáit eisiúna 'fianaise a fháil'. Tá aithris 7 ('féachaint fianaise a bhailiú'), aithris 8 ('chun críche fianaise a bhailiú'), aithris 11 ('chun an fhianaise lena mbaineann a ghlacadh'), aithris 24 ('chun fianaise a ghlacadh') agus aithris 38 ('chun críche fianaise a ghlacadh'), dírithe sa treo céanna. Ina theannta sin, is léir ó Airteagal 13 den Treoir sin go bhfuil sé beartaithe an fhianaise a fuair údaráis an Stáit fhorghníomhaithigh tar éis chur chun feidhme an Ordú Imscrúdaithe Eorpach a aistriú chuig an Stát eisiúna.[16] San Airteagal céanna, i mír 4, sainaithnítear an fhianaise sin mar 'nithe, doiciméid nó sonraí' [Aistriúcháin neamhoifigiúla].[17] Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin go bhfuil na bearta imscrúdaitheacha éagsúla a leagtar amach in Airteagal 10(2) agus in Airteagail 24 go 31 de Threoir 2014/41[18] beartaithe chun fianaise a bhailiú lena mbeartaítear a shuíomh, mar shampla, gurb ann d'fhíoras nó do ghníomh, na himthosca inar tharla gníomh nó gníomh, agus céannacht nó coinníoll údar an ghnímh.

29. Mar thoradh ar an méid sin roimhe seo, aontaím le Rialtais na Fraince agus na hÍsiltíre nuair a chuireann siad in iúl go bhforáiltear in aithris 34 de Threoir 2014/41 'go bhféadfadh na heilimintí uile, lena n-áirítear sócmhainní airgeadais, a bheith faoi réir roinnt beart sealadach le linn imeachtaí coiriúla, ní hamháin chun fianaise a fháil, ach chun coigistiú a dhéanamh freisin' [Aistriúchán neamhoifigiúil], ach nach dtagann ach bearta lena saothraítear an chéad cheann de na cuspóirí sin faoi raon feidhme na Treorach sin.[19]

30. Is féidir teacht ar eilimint dhochloíte eile in Airteagal 22(1) agus in Airteagal 23(1) de Threoir 2014/41, ónar léir go bhféadfar Ordú Imscrúdaithe Eorpach a eisiúint chun duine atá faoi choinneáil a aistriú go sealadach chuig an Stát eisiúna nó chuig an Stát forghníomhaitheach, faoi seach, ach amháin 'chun beart imscrúdaitheach a fhorghníomhú d'fhonn fianaise a fháil lena gceanglaítear an duine sin a bheith i láthair' i gcríoch an Stáit a n-iarrtar a aistriú chuige [Aistriúchán neamhoifigiúil]. Sainítear le haithris 25 den Treoir sin, maidir leis sin, 'nuair a chaithfear an duine [lena mbaineann] a aistriú go Ballstát eile chun críche ionchúiseamh, lena n-áirítear chun é a tharchur os comhair cúirte chun críche breithiúnais, ba cheart Barántas Gabhála Eorpacha a eisiúint i gcomhréir le Cinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle [an 13 Meitheamh 2002, maidir leis an mBarántas Gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir na Ballstáit (IO 2002 L 190, lch. 1)]' [Aistriúchán neamhoifigiúil]. Ina breithiúnas *Staatsanwaltschaft Wien (Orduithe aistrithe falsaithe)*,[20] thug an Chúirt Bhreithiúnais faoi deara go saothraítear le Ordú Imscrúdaithe Eorpach, i gcomhthéacs imeachtaí

[14] Aontaím le barúil Rialtas na Fraince 'cé nach bhfuil sainmhíniú ginearálta i ndlí an Aontais ag coincheap na "fianaise", tagraíonn sé, sa chiall is leithne, do na modhanna a bhaineann le fíoras nó gníomh a léiriú san fhoirm a cheadaítear leis an dlí'.

[15] Breithiúnas na Cúirte an 2 Meán Fómhair 2021, *Finanzamt für Steuerstrafsachen und Steuerfahndung Münster* (Cás C-66/20, EU:C:2021:670, mír 41).

[16] Léitear Airteagal 13(1), an chéad fhomhír, de Threoir 2014/41 mar a leanas: 'Déanfaidh an t-údarás forghníomhaitheach an fhianaise a fuarthas nó atá i seilbh údaráis inniúla an Stáit fhorghníomhaithigh cheana féin a aistriú chuig an Stát eisiúna gan moill mhíchuí tar éis fhorghníomhú an Ordaithe Imscrúdaithe Eorpaigh'.

[17] Maidir leis an dara fomhír d'Airteagal 15(1)(b) de Threoir 2014/41.

[18] Féach fonótaí 10 agus 11 den Tuairim seo.

[19] Chinn an Chúirt Bhreithiúnais, 'mar a luaitear in aithris 34 de [Threoir 2014/41], nach bhforáiltear leis an Treoir sin ach do bhearta sealadacha chun críocha fianaise a fháil' (breithiúnas an 8 Nollaig 2020, *Staatsanwaltschaft Wien (Orduithe aistrithe falsaithe)*, C-584/19, EU:C:2020:1002, mír 71).

[20] Breithiúnas an 8 Nollaig 2020 (C-584/19, EU:C:2020:1002. mír 72).

coiriúla, cuspóir atá éagsúil le Barántas Gabhála Eorpach, amhail is go saothraítear leis an deiridh, i gcomhréir le hAirteagal 1(1) de Chinneadh Réime 2002/584, duine a bhfuil tóir air a ghabháil agus a thabhairt suas chun críche ionchúisimh choiriúla a fheidhmiú nó chun pian nó ordú coinneála a chur i gcrích, saothraítear leis an gcéad cheann díobh, de réir théarmaí Airteagal 1(1) de Threoir 2014/41, beart nó roinnt bearta imscrúdaitheacha sonracha a chur i gcrích chun fianaise a fháil.

31. Thairis sin, dhearbhaigh an Chúirt Bhreithiúnais arís agus arís eile gurb é is cuspóir do Threoir 2014/41 gné thrasteorann a chur in ionad an chreata ilroinnte chasta chun fianaise a fháil i gcásanna coiriúla. Féachann sí, trí chóras simplithe agus níos éifeachtaí a bhunú bunaithe ar ionstraim aonair ar a dtugtar an 'Ordú Imscrúdaithe Eorpach', chun comhar breithiúnach a éascú agus a bhrostú d'fhonn rannchuidiú leis an gcuspóir a shanntar don Aontas Eorpach a bhaint amach maidir le bheith ina limistéar saoirse, slándála agus ceartais, bunaithe ar an ardleibhéal muiníne nach mór a bheith ann idir na Ballstáit.[21] Ar an gcaoi chéanna, cuirim leis sin, i gClár Stócólm, arna ghlacadh ag an gComhairle Eorpach an 10 agus 11 Nollaig 2009, dá ndéantar tagairt air le haithris 6 de Threoir 2014/41, léirítear go raibh an 'leagan nua' arna lorg chun fianaise a ghlacadh, a bheadh mar Ordú Imscrúdaithe Eorpach ina dhiaidh sin, chun a chur san áireamh go háirithe, 'solúbthacht an chórais cúnaimh fhrithpháirtigh dlí thraidisiúnta', a 'd'fhéadfadh raon feidhme níos leithne a bheith aige' agus 'ba cheart go gclúdódh leis an oiread cineálacha fianaise agus is féidir, ag féachaint do na bearta lena mbaineann'.[22]

32. Ar deireadh, is léir ó Airteagal 34(1) de Threoir 2014/41 nach gcuirtear an Treoir sin in ionad ach 'forálacha comhfhreagracha' na dtrí choinbhinsiún dá dtagraítear san fhoráil sin, lena n-áirítear Coinbhinsiún an 29 Bealtaine 2000. Dá bhrí sin, ní bhaineann sé ach le forálacha na gcoinbhinsiún sin lena rialaítear na hábhair chéanna leo siúd a rialaítear leis an Treoir sin, rud a léiríonn, mar a áitíonn Rialtas na hÍsiltíre, nach gcumhdaítear leis gach iarraidh a d'fhéadfadh a bheith ann ar chúnamh dlíthiúil frithpháirteach. Beartaítear go leanfaidh forálacha eile na gcoinbhinsiún sin d'fheidhm a bheith acu idir na Ballstáit.

An cheist an féidir na bearta amhail na cinn faoi chonspóid sna príomhimeachtaí a iarraidh i gcomhthéacs Ordaithe Imscrúdaithe Eorpaigh

33. Maidir leis an gcéad chuid den Ordú Imscrúdaithe Eorpach faoi chonspóid, aontaím le AK, Rialtas na hÍsiltíre agus an Coimisiún, nach féidir fógra faoi dhíotáil a iarraidh le cinneadh amhail sin. Is léir gurb é cuspóir an bhirt sin gan fhianaise a bhailiú nó, i bhfocail Rialtas na hÍsiltíre, ní, doiciméad nó sonraí a fháil lena n-úsáid in imeachtaí coiriúla. Is foirmiúlacht nós imeachta é a tharlaíonn tar éis an nós imeachta imscrúdaithe a chur i gcrích agus a bhfuil sé beartaithe leis duine cúisithe a chur ar an eolas go hoifigiúil faoina dhíotáil nó faoina díotáil, faoi na cúisimh ina choinne nó ina coinne agus faoina tharchur nó faoina tarchur chuig cúirt trialach.

[21] Breithiúnas an 30 Aibreán 2024, M.N. (EncroChat) (C-670/22, EU:C:2024:372, mír 86 agus an cásdlí dá dtagraítear).

[22] An Chomhairle Eorpach, Clár Stócólm – Eoraip atá oscailte agus slán, a fhreastalaíonn ar shaoránaigh agus a thugann cosaint dóibh (IO 2010 C 115, lch. 1), mír 3.1.1.

34. Dá bhrí sin, ní rialaítear an fógra faoi dhíotáil i mBallstát eile le Treoir 2014/41, ach cumhdaítear é le hionstraim eile i réimse an chúnaimh fhrithpháirtigh in ábhair choiriúla, sa chás seo Coinbhinsiún an 29 Bealtaine 2000[23] agus, go sonrach, Airteagal 5 de. Mar a chuireann Rialtas na Fraince in iúl, is léir ón tuarascáil mhíniúcháin a bhaineann leis an gcoinbhinsiún sin[24] nach mór an nath 'doiciméid nós imeachta', nach sainítear sa choinbhinsiún sin, a léiriú 'sa chiall is leithne' agus go gcumhdaítear leis, mar shampla, 'aithrisí agus cinntí breithiúnacha'. In éagmais forála, i dTreoir 2014/41, maidir le seirbheáil agus fógra doiciméid nós imeachta a bhaineann le hAirteagal 5 de Choinbhinsiún an 29 Bealtaine 2000, tá feidhm iomlán ag an deiridh sin i gcomhréir le hAirteagal 34(1) den Treoir sin.

35. Go deimhin, is féidir glacadh leis, mar a áitíonn AK chomh maith le Rialtas na Fraince, déantar seirbheáil agus fógra doiciméid nós imeachta i gcomhthéacs Ordaithe Imscrúdaithe Eorpaigh cur i gcás ina bhfuil siad ina gcuid de chur i bhfeidhm nós imeachta an beart imscrúdaitheach a fhéachann fianaise a fháil dá dtagraítear san ordú sin agus ina bhfuil siad riachtanach chun an beart imscrúdaitheach a chur i gcrích. Freagraíonn réiteach den sórt sin don ghá atá le solúbthacht a mholtar don chóras um chúnamh dlíthiúil frithpháirteach agus cuireann sé cosc ar na húdaráis inniúla dhá iarraidh ar leith a dhéanamh, ceann amháin bunaithe ar Threoir 2014/41 agus an ceann eile ar Airteagal 5 de Choinbhinsiún an 29 Bealtaine 2000, a thiocfadh salach ar chuspóir na héifeachtachta a shaothraítear leis an Treoir. Dá bhrí sin, ina chonclúidí maidir le hOrdú Imscrúdaithe Eorpach, a foilsíodh an 7 Nollaig 2018, tugann an Gréasán Breithiúnach Eorpach dá aire 'go nglactar go coitianta' leis nach n-áirítear i raon feidhme Threoir 2014/41, *inter alia*, 'doiciméid nós imeachta a sheirbheáil agus a sheoladh (ach amháin má tá siad mar chuid den bheart imscrúdaitheach i gcomhthéacs [Ordaithe Imscrúdaithe Eorpaigh]), ach amháin má tá seachadadh doiciméid fíor-riachtanach don bheart imscrúdaitheach is ábhar dó'.[25] Ar an gcaoi chéanna, is léir ó thuarascáil Eurojust ó mhí na Samhna 2020 ar Ordú Imscrúdaithe Eorpach gur cheart seirbheáil agus seoladh doiciméid nós imeachta a bheith faoi réir litir iarratais ar leith, mura rud é 'gurb ionann seachadadh an doiciméid sin agus ionstraim an bhirt imscrúdaithigh atá á lorg in [Ordú Imscrúdaithe Eorapch]'.[26] Ar an gcaoi chéanna, sa nóta comhpháirteach ó Eurojust agus ón nGréasán Breithiúnach Eorpach a luaitear i bhfonóta 23 den Tuairim seo, luaitear 'go dtuigtear go coitianta nach gcumhdaítear le Treoir [2014/41] seirbheáil agus seoladh doiciméad nós imeachta, ach amháin má tá seachadadh doiciméid fíor-riachtanach don bheart imscrúdaitheach is ábhar don [Ordú Imscrúdaithe Eorpach]'. De réir na gníomhaireachta sin agus an líonra sin, 'i gcás den sórt sin, ní mór solúbthacht a léiriú maidir lena áireamh in [Ordú Imscrúdaithe Eorpach], i gcomhréir le hAirteagal 9(2) de Threoir [2014/41]'.[27]

36. Mar sin féin, táim den tuairim, cosúil le AK, nach mór an staid a thuairiscítear i mír 36 den Tuairim seo a mheas mar eisceacht ar an bprionsabal nach dtagann seirbheáil doiciméad nós imeachta faoi raon feidhme an Ordaithe Imscrúdaithe Eorpaigh. Dá bhrí sin, ní mór é a léiriú go docht, chun go bhféadfaidh na hionstraimí éagsúla de chúnamh dlíthiúil frithpháirteach Eorpach a bheith ann ag an am céanna in ábhair choiriúla, gan cur isteach ar raon feidhme an chinn eile ná

[23] Léirítear é sin freisin i nóta comhpháirteach ón nGníomhaireacht Eorpach chun an Comhar Breithiúnach a Neartú (Eurojust) agus ón nGréasán Breithiúnach Eorpach maidir le cur i bhfeidhm praiticiúil an Ordaithe Imscrúdaithe Eorpaigh ó mhí an Mheithimh 2019 (lch. 6), arna lua ag AK agus atá ar fáil ag: https://www.eurojust.europa.eu/sites/default/files/Publications/Reports/2019-06-Joint_Note_EJ-EJN_practical_application_EIO_EN.pdf.

[24] Tuarascáil mhíniúcháin maidir le Coinbhinsiún an 29 Bealtaine 2000 um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh (IO 2000 C 379, lch. 7).

[25] Féach leathanach 2 den doiciméad sin, atá ar fáil ag: https://www.ejn-crimjust.europa.eu/ejn/EJN_RegistryDoc/EN/3096/83/0

[26] Féach leathanach 20 den doiciméad sin, atá ar fáil ag: https://www.eurojust.europa.eu/publication/report-eurojust-casework-european-investigation-order

[27] Féach leathanach 6 den doiciméad sin.

ar na nósanna imeachta, na ráthaíochtaí agus na coinníollacha sonracha a leagtar síos iontu. D'fhéadfadh á chur san áireamh leis an hipitéis sin, cur i gcás, staid ina bhfuil cinneadh ceadaithe de dhíth ón údarás breithiúnach chun beart imscrúdaitheach a chur i gcrích, amhail teach duine a chuardach, nach mór fógra a thabhairt don duine lena mbaineann roimh ré.

37. Ar an taobh eile, feictear dom, mar a mhaíonn AK, nach féidir feidhm a bheith ag an gcás sin i gcás ina dtugtar fógra faoi dhíotáil. Is é cuspóir an bhirt sin de nós imeachta coiriúil, a dhéantar ag deireadh an nós imeachta imscrúdaitheach, [28] na fíoras a leagan amach a líomhnaítear i gcoinne an duine lena mbaineann agus a gcáilíocht dhlíthiúil, chomh maith le bunú gur bailíodh a dhóthain fianaise chun an duine sin a dhíotáil agus chun é nó í a tharchur chuig cúirt thrialach. [29] Mar a thugann AK agus Rialtas na hÍsiltíre faoi deara, agus an ceart acu, is beart de nós imeachta coiriúil neamhspleách ordú díotála, mar riail ghinearálta, is dócha a bheadh iarmhairtí dáiríre ag gabháil leis don duine lena mbaineann. Ní thuigim conas is féidir fógra birt imscrúdaithigh amhail sin a bheith ina uirlis birt imscrúdaithigh a bhfuil sé mar aidhm aige fianaise a fháil nó le bheith éigeantach i dtaobh beart amhail sin. Chun filleadh ar an gcás is ábhar don cheist a tarchuireadh chun réamhrialú, feictear dom, mar a áitíonn AK, nach bhfuil éisteacht an chosantóra chun fianaise a bhailiú, gan dochar do cibé an raibh sé sin ina ábhar iarbhír d'iarraidh ar éisteacht sna príomhimeachtaí, [30] ag brath ar fhógra a thabhairt faoi dhíotáil.

38. Maidir leis an ordú díotála a bhfuil ordú chun bannaí a phostáil ag gabháil leis freisin, ní dhéantar athrú ar bith leis sin, dar liom, don chonclúid ar dá réir nach féidir fógra ordaithe amhail sin a iarraidh i gcomhthéacs Ordaithe Imscrúdaithe Eorpaigh. Is léir nach ionann ordú den sórt sin, atá coimhdeach amháin, thairis sin, agus beart imscrúdaitheach lena bhféachtar le fianaise a fháil de réir bhrí Threoir 2014/41. [31]

39. Ní féidir ach oiread amhras a chaitheamh ar an gconclúid sin toisc go n-áirítear ordú coinneála réamhthrialach amhail an t-ordú atá i gceist sna príomhimeachtaí i ndíotáil. Cé is moite den chás sonrach maidir le daoine atá faoi choimeád cheana a aistriú go sealadach chun beart imscrúdaitheach a chur i gcrích, dá dtagraítear in Airteagal 22 agus in Airteagal 23 de Threoir 2014/41, ní fhéadfaidh iarratas ar dhuine a choinneáil, nó a choimeád faoi choinneáila bheith in Ordú Imscrúdaithe Eorpach. [32] Ní chumhdaítear le cás an aistrithe shealadaigh staid amhail an staid sa chás seo, i gcás nach bhfuil aon chuspóir fianaiseach ag coinneáil shealadach an duine lena mbaineann ach go n-iarrtar í go heisiach chun a chur ar chumas an duine sin teacht os comhair chúirt inniúil an Stáit eisiúna, tar éis a dhíotála nó a díotála.

40. Maidir leis an dara cuid den Ordú Imscrúdaithe Eorpach faoi chonspóid atá i gceist, eadhon an iarraidh go n-éistfí an duine cúisithe ionas go bhféadfaidh sé nó sí aon bharúlacha úsáideacha a thabhairt maidir leis na fíorais a leagtar amach san ordú díotála ar tugadh fógra dó nó di ina leith,

[28] Dá bhrí sin, sonraíonn Rialtas na Fraince 'gur gnách go léiríonn díotáil deireadh na n-imscrúduithe a dhéanann na seirbhísí imscrúdaithe agus aon bhreitheamh imscrúdaithe'.

[29] Sa chás seo, tá ráiteas san ordú díotála an 30 Meán Fómhair 2009, sa chéad chuid, maidir leis na fíorais a líomhnaítear i gcoinne AK, sa dara cuid déanann sé na fíorais sin a aicmiú mar fhíorais choiriúla, leagann sé amach an fhianaise a bhfuiltear ag brath uirthi i gcoinne AK agus leagann sé amach na forais ar a bhfuil sé iomchuí a ordú do AK bannaí a phostáil agus í a choinneáil go sealadach, agus, sa tríú cuid, arb ionann é agus an chuid oibríochtúil den ghníomh sin, dearbhaíonn sé díotáil AK agus ordaíonn sé í a chur faoi choinneáil go sealadach agus bannaí de EUR 30 000 a phostáil.

[30] Féach mír 41 den Tuairim seo.

[31] Sa chás seo, is léir ó ordú díotála an 30 Meán Fómhair 2009 go bhfuil sé i gceist le bannaí a phostáil 'na dliteanais airgeadais a d'fhéadfadh [AK] aghaidh a thabhairt orthu amach anseo' a ráthú dá mba rud é, chomh maith le bheith faoi dhliteanas coiriúil, go ndearbhófaí go raibh sí faoi dhliteanas sibhialta.

[32] Féach, chuige sin, breithiúnas an 8 Nollaig 2020, *Staatsanwaltschaft Wien (Orduithe aistrithe falsaithe)*, (C-584/19, EU:C:2020:1002, mír 73).

thug mé faoi deara cheana féin go bhforáiltear go sainráite le Treoir 2014/41, in Airteagal 10(2)(c) agus sa dara fomhír d'Airteagal 24(1) de, go n-éistfear duine atá faoi amhras nó duine atá cúisithe i measc na mbeart imscrúdaitheach a fhéadfar a iarraidh i gcomhthéacs an chinnidh sin.

41. Mar sin féin, mar a thugann an Coimisiún le fios, mar is ceart, ní fhéadfadh iarraidh den sórt sin ar éisteacht teacht faoi raon feidhme Ordaithe Imscrúdaithe Eorpaigh ach amháin dá mbeadh sé beartaithe fianaise a bhailiú. Níorbh amhlaidh a bheadh an cás i gcás ina raibh feidhm na hiarrata ar éisteacht, i ndáiríre, an cosantóir a chur ar a chumas go simplí chun a chearta cosanta nó a cearta cosanta a fheidhmiú le barúil a thabhairt ar na nósanna imeachta díotála a cuireadh ina choinne nó ina coinne. I ndáil leis sin, tugaim faoi deara nach n-aontaíonn AK agus Rialtas na Fraince le hábhar na hiarrata ar éisteacht a iarradh i gcomhthéacs an Ordaithe Imscrúdaithe Eorpaigh faoi chonspóid. Cé go measann an rialtas sin go bhfuil sé doshéanta soiléir ón gcinneadh sin gurbh é an cuspóir a shaothraítear leis an iarraidh sin fianaise a bhailiú, dearbhaíonn AK gurbh é cuspóir aonair na héisteachta a chearta cosanta a ráthú i ndáil lena díotáil. [33]

42. Is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé ábhar beacht na hiarrata ar éisteacht atá i gceist sna príomhimeachtaí a chinneadh. Dá gcinnfí nach bhféachann an iarraidh sin le fianaise a fháil, chaithfí teacht ar an gconclúid go dtagann an iarraidh sin agus an iarraidh ar fhógra a thabhairt faoin ordú díotála araon lasmuigh de raon feidhme Ordaithe Imscrúdaithe Eorpaigh. Ar an taobh eile, dá gcinnfí gurb é cuspóir na hiarrata ar éisteacht fianaise a bhailiú i ndáiríre, d'fhéadfadh sé, i mo thuairimse, a bhailíochtú gur comhlíonadh na coinníollacha a bhaineann le hábhar agus foirm cinnidh den sórt sin a leagtar síos le Treoir 2014/41, chomh maith leis na foirmiúlachtaí eile a cheanglaítear leis an Treoir sin, ar choinníoll, ar ndóigh. [34] Feictear dom go mbeadh diúltú foriomlán Ordaithe Imscrúdaithe Eorpaigh a fhorghníomhú, ar an bhforas nach féidir leis iarraidh ar fhógra faoi dhíotáil a chumhdach, iomarcach agus go mbeadh sé contrártha do chuspóir na héifeachtachta a shaothraítear leis an Treoir sin.

Conclúid

43. I bhfianaise na mbreithnithe sin roimhe seo, molaim go bhfreagródh an Chúirt Bhreithiúnais an cheist a tharchuir an Cour de cassation (an Chúirt um Achomhairc, an Fhrainc) mar a leanas:

Maidir le hAirteagail 1 agus 3 de Threoir 2014/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach in ábhair choiriúla,

ní mór léiriú a dhéanamh mar a leanas:

ní cheadaítear d'údarás breithiúnach Ballstáit Ordaithe Imscrúdaithe Eorpaigh a eisiúint nó a bhailíochtú lena n-iarrtar, ar an gcéad dul síos, fógra a thabhairt don chúisí faoi ordú díotála, lena n-áirítear, ina theannta sin, ordú príosúnachta agus postáil bannaí agus, ar an dara dul síos, a éisteacht ionas go bhféadfaidh sé, i láthair a dhlíodóra, aon bharúlacha úsáideacha a thabhairt ar na fíorais a leagtar amach san ordú sin mura bhfuil sé mar chuspóir dáiríre ag an éisteacht sin fianaise a ghlacadh, ar faoin gcúirt náisiúnta atá sé a fhíorú.

[33] Tugann AK faoi deara, sa chomhthéacs sin, go bhforáiltear do cheart an duine atá cúisithe trácht a dhéanamh ar an díotáil sin i láthair a dlíodóra i gCód Nós Imeachta Coiriúil na Spáinne, i gcomhthéacs an nós imeachta chun an t-ordú díotála a fhógairt.

[34] Féach, go háirithe, Airteagail 5 go 7 agus 9 de Threoir 2014/41.